

# Carraig Phádraig

## Ardrí na Séadchomharthaí Éireannacha



Oidhreacht Éireann
Heritage Ireland



Cuimsíonn Carraig Phádraig, a fhéachann síos ar Mhachaire na Mumhan, an cnuasach is suntasaí d’fhoirgnimh mheánaoiseacha in Éirinn.




Tháinig Carraig Phádraig chun tosaigh mar lárionad cumhachta den chéad uair i ndeireadh an 4ú haois nó go luath sa 5ú haois AD nuair a tháinig dream Eóganachta i réim mar ríthe na Mumhan. Meastar gurbh é Conall Corc, duine dá ríthe, an té a chéadbhunaigh ríogacht Chaisil.

De réir an traidisiúin, ba i gCaiseal a bhaist Naomh Pádraig garmhic Chonaill Choirc. Le linn an bhaiste, pholl bachall bhiorach an Naoimh cos an Rí, Óengus mac Nad Froích. Ní dúirt Óengus faic ina thaobh, ag glacadh leis gur ghné riachtanach den searmanas é. Gné neamhghnách de Ríogacht Chaisil ná gurbh eaglaisigh ab ea lear mór dá ríthe.

Faoi dheireadh an 10ú haois, dhíbir clann Dhál Cais, a bhí lonnaithe thart timpeall Chill Dalua, Co. an Chláir, dream Eóganachta ó ríogacht Chaisil. Sa bhliain 978, tháinig Brian Bóramha de dhream Dhál Cais i gcomharbas ar a dhearthair mar rí Chaisil. Ba é an chéad rí ar Chúige Mumhan a bhain Ardríogacht na hÉireann amach, agus cailleadh é i gCath Chluain Tarbh sa bhliain 1014.

Sa bhliain 1101, thug Muircheartach Ua Briain, fionnó Bhrian Bóramha, Carraig Phádraig don chléir. Mar thoradh ar an sárbheartú sin, tháinig méadú ar a cháil mar leasaitheoir eaglaise agus ceileadh a suíochán ríoga ársa ar a shean-namhaid, an Eóganacht. Ba chroílár Dheoise Chaisil í Carraig Phádraig dá bharr agus tháinig forbairt uirthi sna céadta ina dhiaidh sin.

Meastar gur tógadh séipéal mór nó ardeaglais i gCaisil go luath i ndiaidh 1101 agus faoin mbliain 1111 go cinnte. Níl iarsma den struchtúr níos luaithe seo fágtha inniu. Is é is dóichí go raibh sé suite taobh thoir de chór ardeaglaise an 13ú haois.



Idir 1127 agus 1134, thóg Cormac Mac Cárthaigh, Rí Dheasumhan, Séipéal álainn Chormaic.

Ní mhaireann aon taifid ar thógáil Ardeaglais Phádraig sa 13ú haois agus is de bhunús ailtireachta amháin aon fhianaise i leith dhátú na hardeaglaise.

Bhronn an tArdeaspag Risteárd Ó hÉidheagáin (1406- 1440) tailte ar Chór na mBiocáirí agus thóg sé halla mar lóistín acu ar an gCarraig.

Bhain Eaglais Phrotastúnach na hÉireann úsáid as an gCarraig suas go 1749, am a tréigeadh an láthair.

Bhí cuid den tsean-ardeaglais faoi dhíon ar feadh tamaill ach tháinig meath uirthi de réir a chéile. Faoi 1848, thit an díon anuas mar aon le cuid den túr cónaithe.

Díbhunaíodh Eaglais Phrotastúnach na hÉireann sa bhliain 1869 agus cuireadh Carraig Phádraig faoi chúram an stáit. Cuireadh de chúram Oifig na nOibreacha Poiblí aire a thabhairt do shéadchomharthaí náisiúnta agus ba í Carraig Phádraig an chéad séadchomhartha ar a ndearnadh oibreacha, idir 1874 agus 1876.

Sa bhliain 1975, rinneadh athchóiriú ar dhíon Halla Chór na mBiocáirí. Rinneadh tochailt agus athchóiriú ar shuanlios Halla Chór na mBiocáirí ar an taobh thoir sna 1980idí. Le gairid, cuireadh tréimhse fhada chaomhnaithe i gcrích i Séipéal Chormaic.




## An Cloigtheach

Is é an cloigtheach an foirgneamh is sine atá ar an gCarraig agus d'fhéadfadh gur tógadh é in 1101 nuair a tugadh an láthair don eaglais.

Ba chlogáis shaorsheasaimh iad cloigthithe a tógadh go déanach sa 10ú haois suas go lár an 12ú haois agus faightear a gcruth agus a ndéanamh in Éirinn amháin.

Is eiseamláir den scoth é an cloigtheach i gCaiseal (28m ar airde) a bhfuil na gnéithe sainiúla sin ar fad le sonrú ann, díon cónúil cloiche san áireamh. Tá a dhoras i bhfad níos airde ná an bunurlár, gné choitianta de chuid cloigthithe. Bhíodh urlár adhmaid aige ar dtús arna ceangal ag dréimirí. Ligeann fuinneoga beaga lindéar solas isteach sna hurláir láir. Ar an urlár uachtarach, ar a raibh na cloigíní, tá ceithre fhuinneog a bhfuil ceann triantánach orthu agus spás cothrom eatarthu.

Creideadh go forleathan gur tógadh cloigthithe mar chosaint ar chreacha Lochlannacha in Éirinn. Is lagstruchtúir chosanta iad, áfach, toisc nach bhfuil acu ach aon doras amháin agus gurbh fhurasta iad a chur trí thine.

Bhuail tintreach an túr sa bhliain 1965 agus cruthaíodh poll mór a dheisigh Oifig na nOibreacha Poiblí ina dhiaidh sin.

## Cros Phádraig

Idir Halla Chór na mBiocáirí agus an ardeaglais tá macasamhail de Chros Phádraig, taise de chuid an 12ú haois. Tá an chros bhunaidh i lusca Chór na mBiocáirí.

Tá an chros neamhghnách i gcomparáid le hardchrosa Éireannacha eile toisc nach bhfuil fáinne thart timpeall cheann na croise. Ina ionad sin, snoíodh an chros i stíl Laidineach agus is é is dóichí gur léiriú é ar na tionchair Eorpacha a bhí i dtreis go luath sa 12ú haois.

Bhí fothacaíocht ag an gcros ar gach taobh dá cos, ach ní mhaireann ach aon taobh amháin. Meastar gur úsáideadh é mar fhráma do na fíoracha a léirítear ar an gcros chomh maith. Tá íomhá den Chríost céasta le feiceáil ar thaobh amháin den chros, é gléasta i róba lánfhada, agus léirítear cléireach ar an taobh eile.

Bhí an bonn maisithe go hornáideach ar dtús le híomhá de mhíonótár i gcathair ghríobháin ar an taobh ó thuaidh is cosúil.

## Séipéal Chormaic

Ceann de na séipéil is áille, is críochnaithe in Éirinn is ea an séipéal seo, agus ceann de na séipéil Rómhánúla is luaithe atá againn sa tír.

Tá corp eaglaise agus saingeal mar chuid den fhoirgneamh, mar aon le túr starrach ar thaobh thoir de bhallaí thuaidh agus theas an choirp eaglaise. Tá doirse ag corp na heaglaise ina mballaí thuaidh agus theas chomh maith. Áirítear i measc na ngnéithe neamhghnácha na stiallchúrsaí agus na stuaraí caocha ar na ballaí inmheánacha agus seachtracha.

Tá ainmhí snoite ar an tiompán os cionn an dá dhoras stuacha il-ordúla (cloch a líonann ceann leathchiorclach inmheánach na háirse). Léiríonn an tiompán theas damh, is dócha, agus tá ceinteár beag snoite ar an tiompán thuaidh (leathfhear, leathchapall), é ag seilg leon mór le saighead is bogha agus clogad de chuid na Normannach air. Bhí aghaidh thuaidh an tséipéil ar spás oscailte ar dtús, cé go bhfuil sí teanntaithe ag ballaí na hardeaglaise inniu.

Taobh istigh, téann an doras beag ar bhalla theas chorp na heaglaise chuig staighre bíse laistigh den túr, a fheidhmíonn mar bhealach isteach chuig na croiteanna lastuas. Is bealach isteach é an doras níos mó agus níos ornáidí sa bhalla thuaidh chuig seomra bunurláir an túir thuaidh. D’fhéadfadh gur mhionséipéal tánaisteach nó taiseagán ab ea seo.

Tagann an sarcafagas cloiche ornáideach ar an taobh thiar de chorp na heaglaise go mór faoi thionchar stíl Urnes de chuid Chríoch Lochlann. Snoite as bloc amháin cloiche, léirítear beithígh agus nathracha nimhe fite fuaite ina chéile ar a phainéal tosaigh damáistithe agus meastar gur sharcafagas Thaidhg Mhic Cárthaigh, deartháir Chormaic, atá ann. Is ceann de 17 sarcafagas aitheanta in Éirinn é, agus is é an ceann is sine a mhaireann. Tá sé i gcomhaimsir a bheag nó a mhór leis an séipéal, ach aistríodh é ó ardeaglais an 13ú aois sa bhliain 1875.

Gné mhearbhlach a bhaineann leis an séipéal ná nach bhfuil an saingeal suite i lár chorp na heaglaise.

Tá galláin agus mullaí dea-shnoite ag áirse an tsaingil, áirse a bhfuil baint aige le ceithre ord. Tá sraith shuntasach de chinn chloiche ar na galláin agus ar an áirse de chuid an dara hord ón imeall. Feictear aghaidheanna daonna le taobh fíoracha uafara níos aistí. Tá na fíoracha uafara seo le feiceáil laistigh agus lasmuigh den séipéal araon, agus tá meascán de thréithe daonna agus ainmhí le sonrú iontu. Ní léir an bhrí atá leo. Tá roinnt mhaith bunoibre maisiúla péinte de chuid an 12ú haois fós le sonrú ar an áirse.

Tá síleáil an tsaingil roinnte i gceithre limistéar thriantánacha. Tá rian de fhreascónna le sonrú orthu ar fad, ag léiriú scéal na Saoithe is dócha ó naíonscéal Chríost, scéal atá mar chuid den Tiomna Nua. Léiríonn líon



mór iarsmaí d’obair phéinte ar an mballa theas cuid de radharc a thaispeánann baisteadh Chríost. Tá dealbha eile a bhfuil luan orthu ar taispeáint ar fud an tsaingil.

Rinneadh obair chaomhnaithe ar na freascónna idir 1986 agus 1997. Úsáideadh sceanóga chun brait d’aol cailcithe de chuid na meánaoiseanna déanacha a bhaint ó na freascónna. Thosaigh caomhnú an fhoirgnimh uilig sa bhliain 2009 agus lean sé ar aghaidh go dtí 2017. Úsáideadh cóireálacha geirmicídeacha UV chun dul i ngleic leis an múscán, agus suiteáladh córas rialaithe aerála le leibhéil taise a ísliú san fhoirgneamh. Deisíodh agus athchóiríodh an díon cloiche géarchlaonta agus suiteáladh gáitéarlach nua-aimseartha chun uisce fearthainne a atreorú ó aghaidh an fhoirgnimh. Mar thoradh ar an obair chaomhnaithe seo tá srian le rochtain cuairteoirí ar an séipéal ar mhaithe le leibhéil ísle taise a choinneáil. Is trí mheán turas treoraithe amháin a bhfuil rochtain air anois. Ba iad Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Chomhpháirtíocht Perry Lithgow a rinne an obair seo. Déanann Tobit Curteis Associates monatóireacht leanúnach ar an séipéal anois.



## An Ardeaglais

Is séipéal mór crosdealbhach í an ardeaglais a tógadh faoi anáil Ghotach idir c.1230 agus c.1270. Éiríonn túr de chuid an 15ú haois ón gcrosaire idir an séipéal agus na croslanna. Tógadh an ardeaglais go cliste idir an cloigtheach, Séipéal Chormaic agus tobar carraig-ghearrtha. Úsáideadh éagsúlacht bhreá chinn chloiche laistigh agus lasmuigh den fhoirgneamh araon.

## An Cór

Bhí an ard-altóir ar thaobh thoir den chór agus ní mhaireann ach an chuid íochtair den bhinn thoir.

Cloíonn an tsraith d'fhuinneoga caola arda ar na ballaí thuaidh agus theas le stíl fhoirgneamh de chuid na 1230idí. Tá fuinneoga beaga ceathairdhuilleacha idir barr na bhfuinneog seo.

Ba as gaineamhchloch a rinneadh an chloch shnoite bhunaidh sa chór. Ní hionann í seo agus an aolchloch a úsáideadh i gcomhair mín-snoíodóireachta sa chuid eile den fhoirgneamh a tógadh ní ba dhéanaí.

Tá an linn ionnalta (cuasán ina raibh báisín cloiche agus draein, mar ar níodh na soithí naofa) agus na sedilí dá bhfuil damáiste déanta (mar ar shuigh na ceiliúraithe ag amanna áirithe le linn aifrinn) le feiceáil ar thaobh thoir an bhalla theas.

Tá tuama balla Maolmhuire Mag Raith ann chomh maith, Ardeaspag Protastúnach cáiliúil as Caisil ón mbliain 1570 go dtí 1622.





## Croslanna agus Crosaire

Tá fuinneoga caola trí léas, a íslíodh le linn an 15ú haois, le sonrú i dtaobh-bhallaí an dá chroslann.

Tá dhá thaobhshéipéal níos lú i ngach croslann. Tá na séipéil sa chroslann theas i bhfad níos éadoimhne de bharr go raibh Séipéal Chormaic ann rompu.

Tá iarsmaí suntasacha de shaothair mhúrealaíne ón 15ú haois ar bhalla thoir na croslainne theas a léiríonn céasadh Chríost.

Is bunsaothair de chuid an 13ú haois iad áirsí an chrosaire a éiríonn as colúin bhandacha chnuasaithe ar a bhfuil mullaí ornáideacha. Atógadh cuid mhór den bhoghta easnach sa lár sa bhliain 1875.

Tógadh an túr agus na huchtbhallaí atá ar bharr na mballaí inniu sa 15ú haois nuair a rinneadh athchóiriú ar an ardeaglais.

## Corp na hEaglaise

De ghnáth, bíonn corp na heaglaise nó an taobh thiar den eaglais gairid i gcomparáid leis an gcór. Is é is dóichí go raibh corp ní b'fhaide beartaithe i bplean an 13ú haois a raibh na doirse thuaidh agus theas curtha leath bealaigh síos air. Tógadh an túr cónaithe sa 15ú haois, é ag seasamh ar an taobh thiar de bhunchorp na heaglaise, agus bhí atógáil iomlán na mballaí i gceist leis.

Is é an póirse, a bhfuil síleáil boghtaí bléineacha aige, an príomhbhealach isteach san fhoirgneamh. Níl an póirse comhoiriúnach ar an taobh thuaidh ann a thuilleadh.



## Halla Chór na mBiocáirí

Is ar thaobh theas na hardeaglaise a luíonn an foirgneamh fada dhá stór seo. Thóg an tArdeaspag Ó hÉidheagáin é go luath sa 15ú haois, an halla i dtosach agus an suanlios ar an taobh thoir beagáinín níos déanaí, mar áit chónaithe do Chór na mBiocáirí. Ceapadh an dream seo fear, idir thuataí agus chléirigh, chun cabhrú le cantaireacht na seirbhísí ardeaglaise.

Ar an gcéad urlár, bhí príomhsheomra suí Chór na mBiocáirí ina raibh teallach mór sa bhalla theas. Rinneadh athchóiriú ar an seomra seo agus tá gailearaí adhmaid ar a thaobh thiar. Is é an foirgneamh sainiúil seo an t-aon áit chónaithe de chuid an chóir atá fós ar marthain in Éirinn.

Tá deilbh thaispeántach Shíle na gcíoch le feiceáil in ard an bhalla sheachtraigh thoir agus í crochta ar a taobh.

## Túrtheach Cónaithe


Thart ar an am céanna a tógadh Halla Chór na mBiocáirí, chuir Ardeaspag Ó hÉidheagáin túrtheach cónaithe leis an gceann thiar d’Ardeaglais Phádraig. Tá cúig urlár ann, agus tá an boghta bairille ina sheasamh go fóill agus é ceangailte leis an ardeaglais le sraith pasáistí múracha. Thit sé anuas le linn stoirme in 1848.

# Léarscáil Láithreáin

- A Doras Isteach
- B Halla Chór na mBiocáirí
- C Suanlios Chór na mBiocáirí
- D Cros Phádraig (Macasamhail)
- E Séipéal Chormaic
- F Túrtheach Cónaithe
- G An Ardeaglais
- H Cloigtheach
- I Na Ballaí Mórthimpeall agus an Túr Coirnéil




# Plean Urláir na hArdeaglaise



## Carraig Phádraig inniu

Sa lá atá inniu ann, tagann na céadta míle cuairteoir chuig Carraig Phádraig in aghaidh na bliana ó gach cearn den domhan, agus is áit í ina dtiteann eachtraí stairiúla amach fós. Ar 20 Bealtaine 2011, thug an Bhanríon Éilis II agus Diúc Dhún Éideann, beannacht Dé lena n-anam, cuairt ar Charraig Phádraig ar lá deiridh a gcuairte stairiúla ar Éirinn. Beagnach 11 bhliain ina dhiaidh ar 25 Márta 2022, lean Prionsa na Breataine Bige agus Bandiúc Chorn na Breataine a lorg agus thug siad cuairt ar Charraig Phádraig. Léiríonn an dá chuairt cé chomh tábhachtach is atá Carraig Phádraig fós in Éirinn ár linne.



## Caiseal agus an Ceantar Máguaird

Ba mar chuid de thírdhreach saibhir meánaoiseach í Carraig Phádraig tráth, tírdhreach dá bhfuil an-chuid rianta fágtha inniu. I ngort ar thaobh thiar an bhaile tá fothraigh na Mainistreach Léithe, mainistir a bunaíodh sa 13ú haois agus a díscaoileadh i lár an 16ú haois. Ba í an mhainistir seo an mhainistir dheireanach Chistéirseach a bunaíodh in Éirinn. Ó dheas, tá fothraigh Mhainistir Dhoiminic a bunaíodh ag an am céanna is a bunaíodh Ardeaglais Phádraig ar Charraig Phádraig. Níos gaire don bhaile, tá Caisleán Uí Chearnaigh, túrtheach a tógadh go déanach sa 15ú haois agus a úsáideadh mar óstán ní ba dhéanaí, agus Pálás Chaisil, teach Pallaidiach de chuid an 18ú haois agus atá anois ag feidhmiú mar óstán.

Íomhánna ©Oifig na nOibreacha Poiblí, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann.